**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cá M.10998 — MAGNA INTERNATIONAL / MINTH GROUP / HUAINAN MAGNA MINTH EXTERIORS SYSTEMS JV)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 60/21)

1. An 10 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Magna International Inc. ("Magna", Ceanada),

— Minth Group Limited ("Minth", Daon-Phoblacht na Síne),

— Huainan Magna Minth Exteriors Systems Co., Ltd (an "Comhfhiontar", Daon-Phoblacht na Síne).

Gheobhaidh Magna agus Minth rialú comhpháirteach ar an gComhfhiontar de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda gluaisteán é Magna, a dhéanann comhpháirteanna, cóimeálacha, córais, fochórais agus modúil le haghaidh na ndéantúsóirí buntrealaimh gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma a dhearadh, innealtóireacht a dhéanamh orthu agus iad a mhonarú,

— Tá Minth ag gabháil go príomha i dhá réim gnó móra, is iad sin an T&F, táirgeadh agus díolacháin páirteanna gluaisteán, agus in uirlisí agus múnlaí.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó an Chomhfhiontair dearadh, forbairt, monarú agus díol cóimeála painéal tosaigh/cúil agus geataí ardaitheoirí plaisteacha agus córais ardaitheoirí do chustaiméirí i nDaon-Phoblacht na Síne.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10998 — MAGNA INTERNATIONAL / MINTH GROUP / HUAINAN MAGNA MINTH EXTERIORS SYSTEMS JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË